An Roinn Oideachais
Department of Education

# Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí

## Nóta faisnéise do scoileanna

Feabhra 2024, Eagrán 3

# Faisnéis agus Nuashonruithe ar Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí

## Réamhrá

Is é seo an triú heagrán i sraith nótaí faisnéise de chuid na Roinne Oideachais ar Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí. Cuireann na nótaí seo nuashonruithe ar fáil do phobail scoileanna ar fheidhmiú céimneach an chláir um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí. Tá an nóta seo eisithe ag an Roinn chuig gach iar-bhunscoil agus iarrtar é a scaipeadh ar scoláirí, tuismitheoirí agus baill foirne i ngach scoil. Beidh an nóta faisnéise ar fáil ar líne freisin agus tá fáilte roimh scoileanna naisc a sholáthar chuige óna láithreáin ghréasáin agus ó láithreacha digiteacha eile.

## Na príomh-nuashonruithe

Tá dréachtsonraíochtaí ábhair Thráinse 1 amuigh anois le haghaidh comhairliúcháin tar éis fhaomhadh na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM). Tá eolas le fail anseo.

Tionólfar an chéad Chomhdháil ar Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí an mhí seo, an 27 Feabhra 2024.

Dheimhnigh Coimisiún na Scrúduithe Stáit go mbeidh Scrúduithe Béil na hArdteistiméireachta, 2024, ar siúl le linn shaoire na Cásca. Tabharfaidh an CSS níos mó comhairle maidir le hamchlár scrúduithe béil na hArdteistiméireachta amach anseo, tar éis an phróisis chomhairliúcháin níos leithne.

I mí Eanáir, reáchtáil an Fóram Comhpháirtíochtaí ar Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí a chúigiú cruinniú chun plé a dhéanamh ar Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí a chur i bhfeidhm.

**Naisc úsáideacha agus tuilleadh léitheoireachta:**
Foilsíodh An Creat Straitéiseach Náisiúnta um Threoir ar feadh an tSaoil agus Plean Gníomhaíochta Straitéiseach i mí na Nollaig.

Norma Foley TD, an tAire Oideachais, in éineacht le baill den fhoireann um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí ag Taispeántas Eolaithe Óga agus Teicneolaíochta BT 2024.

Comhghairdeas le gach duine a bhí páirteach agus buíochas le gach duine a chuaigh i dteagmháil leis an bhfoireann ag an seastán.



# Léirigh do thuairimí

## Tá an comhairliúchán do dhréachtsonraíochtaí ábhair Thráinse 1 oscailte

Tabharfar an chéad tráinse d’ábhair Ardteistiméireachta nua agus leasaithe isteach i scoileanna in 2025.

Tá dréachtsonraíochtaí don Bhitheolaíocht, don Cheimic, don Fhisic, don Araibis, don Laidin, don tSean-Ghréigis, don Ghnó, don Drámaíocht, Scannánaíocht agus Amharclannaíocht agus don Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe amuigh le haghaidh comhairliúcháin faoi láthair.

Tá na sonraí iomlána le fáil anseo.

## Tráinse 2 agus tráinsí níos déanaí

Tabharfaidh an CNCM grúpaí forbartha ábhair le haghaidh ábhairThráinse 2 le chéile an mhí seo chugainn.

Fógrófar tráinsí níos déanaí go luath. I dtosaíocht na n-ábhar i ngach ceann de na tráinsí, cuirtear san áireamh próifíl aoise na sonraíochtaí atá i bhfeidhm faoi láthair, líon na scoláirí atá i mbun gach ábhair, agus cé acu an bhfuil comhpháirteanna measúnachta san áireamh ag na hábhair faoi láthair seachas scrúdú scríofa deiridh. Déanfar athbhreithniú ar na hábhair uile mar chuid den phróiseas athfhorbartha.

# Páipéar 1 i nGaeilge agus i mBéarla le leanúint ar aghaidh ag deireadh an tséú bliain

Cuireadh siar an bhliain seo caite an plean chun Páipéar 1 i nGaeilge agus i mBéarla a sceidealú ag deireadh an chúigiú bliain.

Rinne an Fóram Comhpháirtithe um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí tuilleadh plé ar an togra sin ina dhiaidh sin, rud a chabhraigh le bonn eolais a chur faoi chur chuige athbhreithnithe. Ós rud é gur ag deireadh mhí Feabhra a thosófar an obair forbartha ábhair d'ábhair Thráinse 2, lena n-áirítear Béarla, agus i bhfianaise na hoibre taighde atá ar bun ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta maidir leis an gcur chuige i leith sonraíochtaí athbhreithnithe Gaeilge a fhorbairt, táthar tar éis a chinneadh go leanfar ar aghaidh le Páipéar 1 i nGaeilge agus i mBéarla a sceidealú ag deireadh an tséú bliain (ar aon dul le socruithe reatha) go dtí go dtabharfar sonraíochtaí athbhreithnithe isteach sa dá ábhar. Mar thoradh ar sholáthar luathaithe na sonraíochtaí athbhreithnithe ar bhonn bliantúil ón mbliain 2025, tabharfar na sonraíochtaí athbhreithnithe do Bhéarla isteach do lucht an chúigiú bliain sa bhliain 2026 agus tabharfar iad isteach do Ghaeilge i dtráinse eile ina dhiaidh sin.


# Ráiteas na hIdirbhliana



Foilsíodh Dréacht-Ráiteas an Chláir de chuid na hIdirbhliana atá leasaithe agus cuireadh comhairliúchán poiblí maidir leis an Ráiteas i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2023.

Tá obair ar siúl anois chun Ráiteas an Chláir a thabhairt chun críche, go dtí go dtugtar é isteach i scoileanna in 2024.

# Comhdháil ar Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí



Beidh an Chomhdháil ar Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí ar siúl i bPáirc an Chrócaigh an mhí seo, an 27 Feabhra 2024. Sa Chomhdháil, déanfar ceannairí scoile a chumasú tríd an bhfaisnéis a chur ar fáil atá ag teastáil uathu chun a chinntiú go mbaineann a scoláirí, múinteoirí agus an pobal scoile i gcoitinne, tairbhe as cur i bhfeidhm Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí.

Cuirí go dtí an Chomhdháil a eisíodh chuig príomhoidí agus leas-phríomhoidí scoileanna i mí Eanáir. Tá an Chomhdháil anois díolta amach – mura bhfuair tú cuireadh, agus más spéis a bheith ar an liosta feithimh, téigh i dteagmháil le do thoil le scr_info@education.gov.ie

Táimid ag súil go mór le bualadh libh go luath.

# Ag teacht go luath …

## Gníomhú ar Son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe

## Léann na Drámaíochta, na Scannánaíochta agus na hAmharclannaíochta

Tabharfar Gníomhú ar Son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe, agus Léann na Drámaíochta, na Scannánaíochta agus na hAmharclannaíochta, isteach go dtí scoileanna ar bhonn céimnithe in 2025. Tabharfar cuireadh do scoileanna iarratas a dhéanamh le bheith mar chuid de líonra scoileanna a bhfuil an dá ábhar seo á gcur i bhfeidhm acu ar bhonn céimneach, trí Léiriú Spéise.

Lainseálfar an Léiriú Spéise san Earrach in 2024 agus cuirfear tuilleadh sonraí in iúl do scoileanna.



# An Fóram Comhpháirtíochtaí ar Athfhorbairt na Sraithe Sóisearaí

Is grúpa rannpháirtíochta páirtithe leasmhara ionadaíochta é an Fóram Comhpháirtíochtaí ar Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí a bhunaigh an tAire. San áireamh i mballraíocht an Fhóraim tá ionadaithe de scoláirí, tuismitheoirí, múinteoirí, ceannairí scoile agus forais bhainistíochta scoile chomh maith leis an gComhghuaillíocht um Chearta Leanaí agus IBEC. Tacaíonn sé le cur i bhfeidhm an chláir um athfhorbairt trí mhalartú faisnéise a éascú, agus trí léargais eolacha a chur ar fáil bunaithe ar thaithí agus ar dhearcthaí a chuid ballraíochta.

Tháinig an Fóram le chéile den chúigiú huair ar an 18 Eanáir. Luadh tabhairt isteach Thráinse 1 d'ábhair nua agus leasaithe na hArdteistiméireachta i scoileanna in 2025, agus an comhairliúchán oscailte leanúnach maidir leis na chéad sé dréachtsonraíocht.

Chuir an CNCM seisiún mioneolais ar fáil don fhóram maidir le dearadh na ndréachtsonraíochtaí ábhair d'ábhair nua agus leasaithe. Chomh maith leis sin, rinne an CNCM i dteannta an CSS, cur i láthair maidir le conas a léiríonn na comhpháirteanna measúnachta breise atá san áireamh sna sonraíochtaí nua forbairt shuntasach, atá deartha chun cur leis na scrúduithe scríofa deiridh i measúnú fhoghlaim na scoláirí agus na bpríomhchumais ag an tSraith Shinsearach. Beidh an deis ag ceannairí scoile níos mó a fhoghlaim faoin dá ghné seo araon ag Comhdháil na Sraithe Sinsearaí atá ag teacht aníos.

Tiocfaidh an Fóram le chéile arís i mí Feabhra 2024.

# Foireann um Athfhorbairt na Sraithe Sóisearaí ag Taispeántas Eolaithe Óga agus Teicneolaíochta BT 2024




Ba mhaith le foireann um Athfhorbairt na Sraithe Sóisearaí sa Roinn Oideachais buíochas a ghabháil leo siúd ar fad a bhí rannpháirteach linn i dTaispeántas Eolaithe Óga agus Teicneolaíochta BT 2024, a bhí ar siúl ón 11 – 13 Eanáir.

Labhair an fhoireann le scoláirí, múinteoirí agus tuismitheoirí araon faoi chur i bhfeidhm an chláir ar bhonn céimneach, agus faoin gcomhairliúchán CNCM atá ar bun faoi láthair maidir leis na dréachtsonraíochtaí dé shé (6) cinn de na hábhair leasaithe – agus go háirithe faoi na trí ábhar eolaíochta, Ceimic, Fisic agus Bitheolaíocht.

Thug scoláirí, tuismitheoirí agus múinteoirí aiseolas luachmhar maidir le gnéithe éagsúla den chlár, lena n-áirítear tuairimí faoi dhréachtsonraíochtaí, an tábhacht a bhaineann le Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí, acmhainní a aimsiú, agus na Comhpháirteanna Measúnachta Breise a chur sa chlár ama nó a sceidealú de réir mar a thugtar isteach ábhair leasaithe.

Tá tuilleadh faisnéise ar Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí le fáil ar gov.ie/seniorcycle.

Is féidir fiosruithe maidir leis an nóta faisnéise seo a chur ar aghaidh go dtí: scr_info@education.gov.ie.

An Roinn Oideachais
Department of Education